# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014

# LÉANN CLASAICEACH – ARDLEIBHÉAL

**(300 marc)**

Dé hAOINE, 13 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna ar **DHEICH dTOPAIC** ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Na Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Na Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Na Topaicí 8 go 10.

- Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **CHEITHRE THOPAIC**, mar seo a leanas:
  Is gá topaic amháin a roghnú as *gach* ceann de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Ní mór d'iarrthóirí **SÉ CHEIST** a freagairt mar a leanas as na **CEITHRE** thopaic a roghnaíonn siad:

  Ní mór d'iarrthóirí **dhá** cheist a fhreagairt as dhá cheann de na topaicí a roghnaíonn siad agus ceist **amháin** as **gach** ceann den dá thopaic eile a roghnaíonn siad.

- Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist. Tá 300 marc san iomlán ag gabháil leis an bpáipéar.

- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte **X,** a ghabhann leis an bpáipéar seo.

## GRÚPA I: Na Topaicí 1 go 4

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.**

(i) (a) Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna a bhí ag an Aithin agus Sparta aontú le Síocháin Nicias in 421 RC. (30)

(b) Mínigh cén fáth ar thosaigh an dá thaobh ar an gcogadh arís. (20)

(ii) (a) Tabhair cuntas ar an bpáirt a ghlac Cléón i gCogadh na Peilipinéise. (40)

(b) An bhfuil meas agat ar Chléón? Mínigh do fhreagra. (10)

(iii) Sular thosaigh an tSluaíocht chun na Sicile, milleadh líon mór de na Hermae san Aithin.

(a) Mínigh cad ab ea na Hermae. (10)

(b) Cén fáth ar chuir an eachtra seo isteach ar na hAithnigh, dar le Túicídidéas? (10)

(c) Mínigh conas a d'imir milleadh na Hermae tionchar ar chúrsa an chogaidh ina dhiaidh sin. (30)

(iv) Bhain Túicídidéas úsáid as roinnt mhaith óráidí ina *Stair Chogadh na Peilipinéise.*

(a) Cad a bhain Túicídidéas amach trí óráidí dá leithéid a úsáid, dar leat? (35)

(b) An dóigh leat go raibh sé oiriúnach ag Túicídidéas, mar staraí, úsáid a bhaint as óráidí ar an gcaoi sin? Mínigh do fhreagra. (15)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.**

(i) (a) Pléigh an dearcadh gurbh iad cáilíochtaí Alastair mar cheannaire agus mar straitéisí a chinntigh an bua ar na Peirsigh ag Abhainn Granicus. (35)

(b) Cad é a fhoghlaimímid faoi charachtar Alastair óna iompar i ndiaidh an chatha? (15)

(ii) (a) Cén fáth ar scoir Alastar a chabhlach i ndiaidh léigear Mhiléatas? (15)

(b) Conas mar a dhéileáil Alastar, agus é gan chabhlach, leis an mbagairt ó chabhlach na Peirse? (25)

(c) Cad a d'fhoghlaim tú faoi Alastar ón gcinneadh a rinne sé a chabhlach a scor? (10)

(iii) (a) Cad a bhain Alastar amach lena chuairt ar an Éigipt? (30)

(b) Ón léamh atá déanta agat ar Airrianas agus ar Phlútarc, an dóigh leat gur chreid Alastar gur dhia é féin? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(iv) "Is é fírinne an scéil ná go raibh tóir bhuile ar an trodaíocht aige agus, i ngeall ar an dúil as cuimse a bhí aige sa ghlóir, ní raibh an neart intinne ann smaoineamh ar a shábháilteacht féin nuair a bhíodh aicsean ar bun. Níorbh fhéidir leis diúltú do dheargphléisiúr an chatha." (Airrianas) Pléigh an ráiteas sin agus tú ag tagairt d'Alastar. (50)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.**

(i) (a) Cad a nochtann dánta Catullus faoina charachtar? (35)

(b) An dóigh leat go bhfuil aon bhaint ábhartha ag dánta Catullus le léitheoirí an lae inniu? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(ii) (a) Ón léamh atá déanta agat ar na téacsanna dualgais, déan comparáid idir cáilíochtaí Chaesair agus cáilíochtaí Phoimpéas mar ghinearáil. (40)

(b) Déan cur síos ar conas a fuair Poimpéas bás. (10)

(iii) "Trína acmhainn le hiompar mínáireach amach is amach, sháraigh Puiblias Clóidias ar na daoine olca ba mhó míchlú ar fad ina ré." (Plútarc)

(a) Cén fhianaise atá le fáil in *Beathaí* le Plútarc chun tacú leis an mbreithiúnas seo? (35)

(b) Cad a insíonn gníomhréim Chlóidias duit faoin bpolaitíocht sa Róimh ag an am sin? (15)

(iv) (a) In 56 RC scríobh Cicearó litir chuig an staraí, Lucceius. Tabhair cuntas ar a raibh sa litir sin. (40)

(b) Cad é a fhoghlaimíonn tú faoi charachtar Chicearó ón litir sin? (10)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.**

(i) (a) Tabhair cuntas ar ghníomhréim Mharcas Antaine ó bhás Iúil Caesar in 44 RC go dtí Cath Aictiam in 31 RC. (40)

(b) An raibh meas agat ar Mharcas Antaine? Mínigh do fhreagra. (10)

(ii) "Níorbh fhada gur bhris gach aon saghas cruála amach i dTibir agus ní raibh easpa íobartach riamh air."
(Séatóinias, *An Dáréag Caesar*)
Ón léamh atá déanta agat ar Shéatóinias, an dóigh leat gur breithiúnas cóir é seo ar charachtar Thibir ar feadh a réimis ar fad? (50)

(iii) (a) Tabhair breac-chuntas ar na himeachtaí as ar tháinig turnamh agus bás an Impire Néaró. (40)

(b) An raibh aon tréithe cúiteacha san Impire Néaró, dar leat? Mínigh do fhreagra. (10)

(iv) (a) Déan plé ar an gcaoi inar chaith an tImpire Ágastas lena iníon Iúilia. (40)

(b) Cad é do mheas ar an gcaoi inar chaith Ágastas le mná i gcoitinne? (10)

---

## GRÚPA II Na Topaicí 5 go 7

### Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.

(i) "Anois, dá mbeifeása saor agus i gcumhacht, bheifeá dofhulaingthe."
Pléigh an measúnú seo a rinne Heirméas ar charachtar Phroiméitéas sa radharc deiridh in *Proiméitéas Faoi Chuibhreach* le hAescaileas. (50)

(ii) (a) Sa dráma *Froganna* le hArastafainéas, cén fáth a roghnaíonn Dinísias Aescaileas mar an file a shábhálfadh an Aithin? (30)

(b) Cén fáth, dar leat, nach roghnaítear Eoiripidéas? (20)

(iii) (a) Sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas, is iad na lochtanna i gcarachtar Iasóin féin is cúis lena chríoch dhearóil. Déan an dearcadh sin a phlé. (40)

(b) An mothaíonn tú comhbhá ar bith le hIasón ag deireadh an dráma? Tabhair cúis le do fhreagra. (10)

(iv) (a) Déan anailís ar an bpáirt atá ag oracail agus tairngreachtaí in *Éideapús Rí* le Sofaicléas. (35)

(b) Cé chomh mór is a chuir Éideapús lena thurnamh féin, dar leat?
Mínigh do fhreagra. (15)

---

### Topaic 6. An Epic Ársa.

(i) (a) Déan anailís ar an gcaidreamh idir Péinealaipé agus a mac Telemachus san *Odaisé* le Hóiméar. (40)

(b) An aontaíonn tú gur buachaill tipiciúil sna déaga é Telemachus? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(ii) "Ní haon mhaith teampaill agus paidreacha do bhean atá splanctha i ngrá." (Veirgil, *Aeinéid* Leabhar 4)

(a) Déan anailís ar ról na ndéithe i scéal an ghrá gan dóchas idir Díodó agus Aeinéas. (35)

(b) Cé chomh mór is atá Díodó freagrach as a turnamh féin? (15)

(iii) Déan comparáid idir an léiriú ar an gcogaíocht sa *Táin* agus an léiriú ar an gcogaíocht san *Odaisé* **nó** san *Aeinéid.* (50)

(iv) (a) Déan anailís ar an bpáirt a ghlac an t-aoire muc, Eomaes, san *Odaisé.* (35)

(b) Cén aidhm atá le bréagriocht Odaiséis mar fhear déirce sa scéal? (15)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.**

(i) (a) An aontaíonn tú gur cuntas drámata corraitheach é cuntas Veirgil ar ar bhain d'Oirféas in *Oirféas agus Eoraidícé*? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (35)

(b) Déan plé ar an gcaoi ar úsáid Veirgil samhlaoidí sa dán seo. (15)

(ii) Ón léamh atá déanta agat ar na dánta le Proipeirtias ar do chúrsa, cén bhaint ábhartha atá aige le léitheoirí an lae inniu? Bíodh tagairt agat do na dánta dualgais mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(iii) (a) De réir Livias, cén bheartaíocht a d'úsáid Hannabal in aghaidh na Rómhánach i gCath Cannae? (35)

(b) An dóigh leat go raibh meas ag Livias ar Hannabal? Bíodh tagairt agat do na téacsanna dualgais mar thacaíocht le do fhreagra. (15)

(iv) (a) Tabhair breac-chuntas ar na príomhthéamaí in *Óid don Earrach* le Horáit. (25)

(b) An bhfuil filíocht Horáit tarraingteach duit? Bíodh tagairt agat do na dánta dualgais i do fhreagra. (25)

---

## GRÚPA III: Na Topaicí 8 go 10

**Topaic 8. An Ealaín agus an Ailtireacht i Sochaí na Gréige.**

(i) Déan staidéar ar **Fhótagraf A** ar **Pháipéar X**.

(a) Ainmnigh an cineál vása a léirítear agus déan cur síos ar an bhfeidhm a bhí le vásaí dá leithéid. (10)

(b) Ainmnigh an dá fhíor ar an vása agus abair cad atá ar siúl acu. (10)

(c) Ainmnigh an t-ealaíontóir a phéinteáil an vása seo. (5)

(d) Déan trácht ar cháilíocht agus ar stíl an mhaisiúcháin ar an vása. (25)

(ii) Léiríonn **Fótagraf B** agus **Fótagraf C** ar **Pháipéar X** plean agus sonra de theampall Héafaestas san Aithin.

(a) Cén t-ord ailtireachta lena mbaineann an teampall seo? (5)

(b) Cad iad na hábhair a úsáideadh chun é a thógáil? (10)

(c) Cén rud neamhghnách a bhí ag baint leis an teampall seo, dar le Richter? (10)

(d) Déan mionchur síos ar an teampall agus bain úsáid as na téarmaí cearta ailtireachta. (25)

(iii) Léiríonn **Fótagraf D** agus **Fótagraf E** ar **Pháipéar X** meatóip ó Foce del Sele agus ón bPartanón san Aithin.

(a) Cén tréimhse lena mbaineann gach ceann de na meatóip seo? (10)

(b) Cá háit go díreach ar an teampall a gcuirfí iad? (5)

(c) Mínigh cén eachtra atá á léiriú ar gach meatóp. (10)

(d) Déan cur síos ar na forbairtí a tháinig ar an dealbhóireacht idir **Fótagraf D** agus **Fótagraf E.** (25)

(iv) Féach ar **Fhótagraf F** ar **Pháipéar X**.

(a) Ainmnigh an dealbh seo agus ainmnigh an dealbhóir. (10)

(b) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann sí? (5)

(c) Cad iad na forbairtí nua sa dealbhóireacht atá le feiceáil ar na dealbh seo? (35)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.**

(i) (a) Conas a chosnaíonn Sócraitéas a dhearcadh go dtruaillíonn saibhreas agus bochtaineacht na hoibrithe? (25)

(b) Cén chaoi a bhféadfadh stát idéalach Shócraitéas é féin a chosaint nó cogadh a throid gan saibhreas? (25)

(ii) (a) Tabhair breac-chuntas ar fháthscéal na hUaimhe in *An Phoblacht* le Platón. (30)

(b) Cad a chiallaíonn an fáthscéal seo? (20)

(iii) (a) Ón léamh atá déanta agat ar *Litir VII* agus *VIII,* cad a bhí Platón ag súil lena bhaint amach lena chuairteanna ar Shioracús? (15)

(b) An aontaíonn tú gur theip ar a chuairteanna ar Shioracús sa deireadh? Mínigh do fhreagra agus bíodh tagairt agat do na *Litreacha* le Platón agus do *Beatha Dhíón* le Plútarc. (35)

(iv) (a) Tabhair cuntas ar chlár Shócraitéas le haghaidh oideachais agus oiliúna na Rialtóirí Fealsaimh ina stát idéalach. (35)

(b) An raibh an clár seo oiriúnach mar ullmhúchán le haghaidh rialtóra, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.**

(i) Léiríonn **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** plean de Trier (Augusta Treverorum), cathair sa Ghaill Rómhánach.

(a) Ainmnigh na gnéithe a léirítear ag **c**, **d, e**, **g**, **h**. (15)

(b) Cén fhianaise atá ann a léiríonn gur chathair shaibhir thábhachtach ba ea Trier sa ré ársa? (20)

(c) Is foirgneamh suntasach cáiliúil é an Aula Palatina in Trier. Déan cur síos ar an bhfoirgneamh seo agus abair cén bhunfheidhm a bhí leis. (15)

(ii) Léiríonn **Fótagraf H** ar **Pháipéar X** rilíf ó Ara Pacis Ágastas, 13 RC.

(a) Cén fáth ar tógadh an Ara Pacis? (5)

(b) Déan mionchur síos ar an Ara Pacis. (30)

(c) Cén fáth ar struchtúr chomh cáiliúil sin é an Ara Pacis? (15)

(iii) (a) Ainmnigh an áirse cháiliúil a léirítear i **bhFótagraf I** ar **Pháipéar X**. (5)

(b) Cá háit a mbíodh áirsí dá leithéid suite de ghnáth sna bailte Rómhánacha? (5)

(c) Cén fáth ar thóg na Rómhánaigh áirsí dá leithéid seo? (10)

(d) Déan cur síos iomlán ar an áirse seo agus bain úsáid as na téarmaí cearta ailtireachta. (30)

(iv) Léiríonn **Fótagraf J** ar **Pháipéar X** péintéireacht bhalla as Poimpé.

(a) Cén eachtra a léirítear sa phéintéireacht seo? (5)

(b) Scríobh cur síos iomlán ar an bpéintéireacht seo. (15)

(c) Conas mar a chuireann an t-ealaíontóir drámatacht an radhairc in iúl? (25)

(d) Tabhair sampla amháin eile d’ábhar Gréagach san ealaín Rómhánach. (5)

---

Leathanach Bán

Leathanach Bán